# An Eoraip a Fhorbairt i gcomhar le Comhairleoirí Áitiúla

## AN FEASACHÁN

Is deis iad toghcháin Pharlaimint na hEorpa do mhuintir na hEorpa machnamh a dhéanamh ar an bhfís atá acu don Eoraip agus leas a bhaint as an gcumhacht atá acu agus iad ag obair as lámh a chéile. Deis atá iontu freisin aird a tharraingt ar an ról ríthábhachtach is féidir le gach ball BELC a imirt maidir le todhchaí na hEorpa a mhúnlú trí rannpháirtíocht dhaonlathach.

Is saincheist í seo atá i gcroílár ghníomhaíochtaí pobail BELC, agus is deis í chun dea-chleachtais a roinnt agus tionscnaimh spreagúla bhaill BELC a léiriú roimh na toghcháin Eorpacha. Na comhiarrachtaí sin, lena gcuimsítear gníomhaíochtaí pobail, comhoibriú institiúideach agus go leor eile nach iad, léiríonn siad an difríocht mhór is féidir leis an rialachas áitiúil a dhéanamh i dtaca le hathrú dearfach a bhaint amach ar an leibhéal Eorpach.

**1,100**
ball BELC

**540**
duine cláraithe le Futurium

**192**
réigiún clúdaithe

## Na 5 thopaic AE is mó ar díol spéise iad do bhaill BELC

- Deiseanna eacnamaíocha i gceantair thuaithe, deiseanna d'fheirmeoirí óga ina measc
- Deiseanna a bhaineann le turasóireacht, an éiceathurasóireacht ina measc
- Rochtain ar oideachas (ar ardchaighdeán), cuir i gcás oideachas ar mhaithe le hinbhuanaitheacht chomhshaoil agus digitiú
- Luachshocrú ar oidhreacht chultúrtha agus ar thraidisiúin
- An t-aistriú i dtreo fuinneamh in-athnuaite

# Toghcháin Eorpacha 2024

Bhí baill BELC an-ghníomhach maidir le dul i dteagmháil le saoránaigh le linn na tréimhse roimh na toghcháin Eorpacha. Níl anseo ach spléachadh.



Bricfeasta leis an Aontas Eorpach, Cathair Bretten

**1.** D'eagraigh **Wolfgang Lübeck**, ball BELC ó **Bretten, an Ghearmáin**, ***Bricfeasta leis an Aontas Eorpach*** i gcomhar le **lárionad EUROPE DIRECT Karlsruhe** agus riarachán cathrach Bretten. Phléigh sé chéad vótálaí céaduaire an tábhacht a bhaineann le toghcháin Pharlaimint na hEorpa agus an ról atá acu maidir le todhchaí na hEorpa a mhúnlú.




Toghcháin Eorpacha 2024: fóram comhthéacs agus dúshlán, cathair Reims

**2.** An fóram poiblí ***Toghcháin Eorpacha 2024: comhthéacs agus dúshláin***, a d'eagraigh cathair **Reims na Fraince, lárionad EUROPE DIRECT Grand Est**, an Méara **Arnaud Robinet**, agus ball BELC **Dimitri Oudin**, ba dheis é chun ról an Aontais agus an tábhacht a bhaineann le vótáil sna toghcháin Eorpacha a mhíniú agus daoine óga a mholadh as a dtiomantas don Eoraip.




Xavier Aldeguer, Comhairle Cathrach Girona

**3.** Chuaigh **comhairle cathrach Girona** na Spáinne, a leasmhéara, **Xavier Aldeguer** ar ball de BELC é, agus **lárionad EUROPE DIRECT Girona**, amach ar na sráideanna (go liteartha) i mbus leictreach idiruirbeach chun rannpháirtíocht sna toghcháin Eorpacha a chur chun cinn chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le cinnteoireacht fheasach agus rannpháirtíocht shibhialta.




Marcel Schoierer, Wesel

**4.** D'oibrigh **Marcel Schoierer**, ball Gearmánach BELC ó **Wesel**, i gcomhar leis an gcomhairle óige bhardasach agus le foireann na comhairle sin chun ***tráth na gceist speisialta le linn Fhéile Earraigh Wesel*** a eagrú. Thug an tráth na gceist sin dúshlán do na rannpháirtithe ceisteanna a bhaineann leis an Aontas a fhreagairt agus na buntáistí a bhaineann le hEoraip aontaithe a fhiosrú. Leag an t-imeacht seo, atá mar chuid den fheachtas #LetsEurope, béim ar ról tábhachtach vótálaithe óga i dtaca le todhchaí na hEorpa a mhúnlú.



Giannis Malandrakis, Bardas Platania

**5.** D'eagraigh Méara Platania na Gréige, **Giannis Malandrakis,** , ar ball de BELC é, sraith tionscnamh a bhí **dírithe ar an óige**. Agus é ag comhoibriú le **lárionad EUROPE DIRECT na Créite** agus le Gairmscoil Tráthnóna Platania, bhunaigh siad mol eolais ag Halla Baile Gerani, chun muintir na háite agus cuairteoirí idirnáisiúnta a chur ar an eolas faoi vóta poist agus institiúidí an Aontais. Ghlac an Méara Malandrakis páirt sa tionscnamh ón mBruiséil, trí chraoladh beo ó Pharlaimint na hEorpa. Ba é buaicphointe na n-iarrachtaí ceiliúradh rathúil Lá na hEorpa ag Acadamh Ceartchreidmheach na Créite, ceiliúradh ag a raibh thart ar 300 duine i láthair, rud a léirigh tiomantas Platania do rannpháirtíocht shibhialta na hEorpa.



Claudio Petrozzelli, Bardas Cesinali

**6.** Le tacaíocht ó **lárionad EUROPE DIRECT Salerno**, d'eagraigh ball eile de BELC, **Claudio Petrozzelli** ó **Cesinali na hIodáile**, dhá imeacht a bhí dírithe ar rannpháirtíocht sna toghcháin Eorpacha a chur chun cinn i measc **daoine óga** áitiúla. Reáchtáladh an chéad imeacht, *Elezioni europee 2024*, in Salerno agus bhí sé dírithe ar mhic léinn na heolaíochta polaitiúla agus na cumarsáide. Ag an dara hócáid, a reáchtáladh in Amalfi, tugadh ceannairí áitiúla le chéile. Leag an tUasal Petrozzelli béim ar ról ríthábhachtach líonra BELC agus thathantaigh sé ar gach duine ról gníomhach a imirt i ndaonlathas na hEorpa, agus mhol sé do dhaoine óga go háirithe páirt a ghlacadh ann.

# Dea-chleachtais bhaill BELC

Faoi stiúir bhall den BELC, **Driss Zayou**, i gcomhar le **lárionad EUROPE DIRECT Antwerp** agus **bardas Dessel,** thug an tionscadal **Pop Up Europa** an Eoraip isteach i dtithe na ndaoine ar feadh 5 seachtaine idir mí Feabhra agus mí an Mhárta, rud a chuir le rannpháirtíocht cónaitheoirí óga agus cónaitheoirí sinsearacha araon i dtopaicí a bhaineann leis an Aontas trí mheán taispeántas, léachtaí agus comórtas.

Faoi stiúir bhall den BELC, **an Leas-Mhéara Katarzyna Łaziuk**, i gcomhar le hIonadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh sa Pholainn, **lárionad EUROPE DIRECT Minsk Mazowiecki**, agus **Contae Minsk**, thug an chomhdháil ***Together Against Depression*** i mí an Mhárta aghaidh ar shaincheisteanna tábhachtacha meabhairshláinte agus folláine. Bhí níos mó ná 300 duine i láthair ag an imeacht, gairmithe, oideachasóirí agus ceannairí áitiúla ina measc, agus mar thoradh air sin tugadh tiomantas dul isteach sa Chomhghuaillíocht Eorpach in aghaidh an Dúlagair.


Katarzyna Łaziuk, Cathair Minsk Mazowiecki


Lá na hEorpa 1 Calpe

# Lá na hEorpa

Is é an 9 Bealtaine Lá na hEorpa, lá a ndéantar ceiliúradh ar an tsíocháin agus an aontacht san Eoraip, a leagtar béim ar éachtaí an Aontais agus a mbreathnaítear ar thodhchaí an Aontais. **I gcás go leor ball de chuid BELC, ba dheis é Lá na hEorpa chun imeachtaí a óstáil** agus an ócáid thábhachtach sin a chomóradh. Eagraíodh os cionn 90 gníomhaíocht a chuimsíonn 11 tír agus lean na meáin shóisialta agus áitiúla iad.

# Seimineáir ghréasáin

Le linn mhí an Mhárta agus mhí Aibreáin 2024, chuir ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach **fáilte** roimh **bhaill nua BELC ón bhFrainc, ón Rómáin, ón mBulgáir, ón nGearmáin agus ón bPortaingéil** ag cruinniú ar líne. Ba é aidhm na seisiún sin feidhmiú mar ardáin bheo chun léargais a mhalartú agus comhaltacht a chothú laistigh de phobal BELC, ar pobal é atá ag dul i méid.

Tairgeadh seimineáir ghréasáin do bhaill BELC freisin ar **thopaicí éagsúla a bhaineann leis an Aontas agus ina bhfuil spéis ar leith acu**, cearta saoránachta an Aontais, forbairt tuaithe, agus inimirce ina measc. Coinnigh súil amach le haghaidh tuilleadh nuashonruithe!

# Cuairt na mball ar an mBruiséil

Sa tsraith cuairteanna is déanaí, cuireadh fáilte roimh thoscaireachtaí díograiseacha bhaill de chuid BELC ón Liotuáin, ón Iodáil, ón nGréig agus ón gCipir chun na Bruiséile i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin. Bhí fonn orthu tuilleadh a fhoghlaim faoi na hinstitiúidí Eorpacha agus faoi bheartais an Aontais a bhaineann lena dtoghcheantair faoi seach.

Arís eile, ba dheiseanna iad na cuairteanna sin ar mhór ag daoine iad chun eolas a mhalartú agus an pobal a fhorbairt. Cumhdaíodh sa phlé raon leathan topaicí, cuir i gcás cur chun cinn an chultúir agus an éiceathurasóireacht, agus straitéisí don inbhuanaitheacht agus don gheilleagar ciorclach. Bhí plé bríomhar ann i dtaca le forbairt tuaithe, iompar inbhuanaithe, agus na toghcháin Eorpacha, rud a chuir lena n-eispéireas.

Bhí deis ag toscaireacht chomhpháirteach na Gréige agus na Cipire díospóireacht fhada a bheith acu leis an gCoimisinéir Margaritis Schinas, a mhol tionscnamh BELC. Chuir sé an phostáil seo a leanas ar X: 'Gabhaim buíochas leis an líonra 'Ag Tógáil na hEorpa le Comhairleoirí Áitiúla' as plé tráthúil faoi bhealaí le feabhas a chur ar an tuiscint agus ar an gcumarsáidí dtaca le beartais an Aontais.'


Cuairt bhaill de chuid BELC ón Iodáil ar an mBruiséil




Cuairt bhaill de chuid BELC ón Liotuáin ar an mBruiséil




## Futurium - do spás le haghaidh eolais agus líonraithe!

Níl ort ach cúpla clic a dhéanamh i **rannóg leabharlainne** Futurium chun teacht ar eolas agus ábhar cumarsáide faoi **thopaicí is spéis leat i dtaca leis an Aontas Eorpach**! Is féidir teacht ar gach postáil i do theanga oifigiúil féin de chuid an Aontais.

Féach ar chatagóirí eile, mar shampla, an ceann tiomnaithe faoi na **toghcháin Eorpacha anseo**, **buail le baill eile de chuid BELC anseo**, nó roinn **do ghníomhaíochtaí féin anseo**.




## Ábhar nua ar shuíomh gréasáin BELC

- **Léarscáil idirghníomhach** uasghrádaithe de bhaill BELC! Tá feidhm scagaire nua ar an léarscáil, rud a ligeann d'aon duine teacht go héasca ar chomhairleoirí áitiúla de chuid an Aontais de réir tíre agus réigiúin chun líonrú a dhéanamh le daoine atá ar aon intinn leo agus a bhfuil an paisean céanna acu don Aontas agus don rialachas áitiúil.
- Iontrálacha nua i **roinn na ndea-chleachtas**! Féach na tionscnaimh nua faoi stiúir bhaill BELC. Faigh amach faoi na cineálacha nuálacha cur chuige atá acu maidir le heolas faoin Aontas a scaipeadh ar an láthair.

An Eoraip a Fhorbairt i gComhar le Comhairleoirí Áitiúla